Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/1836

19.3.2026

**Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

(C/2026/1836)

Dírítear aird Qiang GAO (Uimh. 1), Shilong ZHANG (Uimh. 2), Alexey Valeryevich MININ (Uimh. 3), Aleksei Sergeyvich MORENETS (Uimh. 4), Evgenii Mikhaylovich SEREBRIAKOV (Uimh. 5), Oleg Mikhaylovich SOTNIKOV (Uimh. 6), Dmitry Sergeyevich BADIN (Uimh. 7), Igor Olegovich KOSTYUKOV (Uimh. 8), Ruslan Aleksandrovich PERETYATKO (Uimh. 9), Andrey Stanislavovich KORINETS (Uimh. 10), Oleksandr SKLIANKO (Uimh. 11), Mykola CHERNYKH (Uimh. 12), Mikhail Mikhailovich TSAREV (Uimh. 13), Maksim Sergeevich GALOCHKIN (Uimh. 14), Tianjin Huaying Haitai Science and Technology Development Co. Ltd (Huaying Haitai) (eintiteas Uimh. 1), Chosun Expo (eintiteas Uimh. 2), Main Centre for Special Technologies (GTsST) of the Main Directorate of the General Staff of the Armed Forces of the Russian Federation (GU/GRU) (eintiteas Uimh. 3) agus 85th Main Centre for Special Services (GTsSS) of the Main Directorate of the General Staff of the Armed Forces of the Russian Federation (GU/GRU) (eintiteas Uimh. 4), ar daoine agus eintitis iad a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit [2].

Faoi chuimsiú an athbhreithnithe bhliantúil ar bhearta sriantacha, tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine aonair darb uimh. 1, 2, 13 agus 14 a choinneáil, bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus ar fhaisnéis bhreise. Tá sé beartaithe ag an gComhairle freisin na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine aonair darb uimh. 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11 agus 12, agus eintitis 1, 2, 3 agus 4 a choinneáil, bunaithe ar fhaisnéis bhreise.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chuig an seoladh seo a leanas, chun an ráiteas leasaithe ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, roimh an 26 Márta 2026:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.
(2) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 1.